

“Ag filleadh ’na bhaile”
Bréag ag teacht chuig an Cabaret Craiceáilte ▸14

Féile Scoildrámaíochta Uladh ▸9





STAD DEN AMAIDÍ:
“Chan dreideáil ach tógáil atá de dhith ar Ché Mhachaire Rabhartaigh”
▸4


# Goitse

Uimhir 14
25 Aibreán 2014
Teagmháil: 086 8476862

Saor in aisce sna trí paróistí

NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOICH CHEANNFHAOLA

goitse.org


# Agóid fá Oifig an Phoist ar an Bhun Bheag



Hiúdaí Mac Gairbheith (4) as Rann na Feirste ag aithris dáin os comhair na mílte duine ag An Lá Dearg i mBéal Feirste ar an 12 Aibreán. Bhain Hiúdaí duais leis an dán céanna ag an chomórtas *Abair Amach* ar na mallaibh.

Beidh agóid taobh amuigh de Oifig an Phoist ar an Bhun Bheag maidin inniu (Dé hAoine) ag a 11.00 rn. Tá an agóid seo ag tarlú le tacaíocht a thaispeáint don oifig poist agus le léiriú do An Post go bhfuil gá leis an oifig agus go bhfuil an pobal sa cheantar ag seasamh suas di go fóill.

I mí Eanáir i mbliana, tháinig sé chun solais go raibh an conradh ag tarraingt ar a dheireadh agus go raibh An Post ag smaoineamh ar an oifig a dhruid. Reachtáladh cúpla cruinniú poiblí agus bhí roinnt cruinnithe ag an choiste leis an Oifig Poist a shábháil le bainistíocht An Post.

I ndiaidh na gcruinnithe sin agus go leor stocaireachta ó pholaiteoirí áitiúla, dúirt An Post go leanfadh siad go sealadach leis an chonradh agus tuigeadh go raibh an oifig le fanacht foscailte go dtí mí Meithimh ar a luaithe.

Níor athraigh rudaí óna thaobh sin agus tá an Mháistreás Poist, Anna Ní Chnáimhsí, ina post go fóill.

Ach bhí cruinnithe ag an choiste ó shin le bainistíocht An Post agus le Ceardchumann na Máistir Poist agus creideann siad go bhfuil seans ann go ndruidfear ceann den dá oifig poist sa cheantar, ceann an Bhun Bhig, nó an ceann ar na Doirí Beaga.

Mar chuid den agóidíocht leanúnach thart ar an scéal seo, rinne an coiste cinneadh gur chóir an agóid seo a ghlaoch le tuilleamh brú a chur ar An Post agus le tacaíocht an phobail a léiriú don tsaol mór.




Beidh cruinniú eile acu leis an Bhainisteoir Réigiúnach de An Post an mhí seo chugainn le plé níos faide a dhéanamh ar an cheist seo agus tá siad den bharúil go mbeidh agóid mhór pobail úsáideach acu le taispeáint gur riachtanas sóisialta atá san Oifig an Phoist, go háirithe ag seandaoine agus ag daoine le cathaoir rotha.

Tá na fadhbanna céanna ag pobail eile sa cheantar seo, ar ndóigh agus bhí cruinniú poiblí oíche Chéadaoine i Leitir Mhic an Bhaird le tacaíocht an phobail ansin a léiriú do Oifig an Phoist s’acu féin.

*Ar lean ar lch 2*



# Agóid fá Oifig an Phoist ar an Bhun Bheag

*Ar lean ar lch 2*

Bhí thart fá 300 duine i Halla Leitir agus d'éist siad le cainteoirí ag inse go mbeadh sé ina bhuille trom don cheantar dá ndruidfí oifig an phoist ansin.

Ag caint dó i ndiaidh an chruinnithe sin, dúirt Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, iomaitheoir neamhspleách sa toghchán áitiúil, go raibh sé tábhachtach go bhfeictear oifigeacha poist i gceantracha poist mar sheirbhísí pobail, ní mar ghnónna aonaracha cosúil le achan ghnó beag eile. Ghlaoigh sé ar an phobal iad féin a eagrú in éadan ionsaithe mar seo gan polaiteoirí nó páirtithe polaitíochta. "Tá an chumacht is láidre ag an phobal, ní ag na polaiteoirí," a dúirt sé.

Dhearbhaigh sé go mbeadh sé féin i láthair ag an agóid ar an Bhun Bheag lena thacaíocht a thabhairt don fheachtas leis an oifig poist a shábháil.

Beidh polaiteoirí eile ansin, gan dabht, ach dúirt duine den choiste go raibh sé tábhachtach go raibh oireadh de bhunadh an cheantair ann fosta le taispeáint go raibh réimse leathan daoine ag tabhairt tacaíochta dá bhfeachtas.



Ábhar múinteoirí ar thuras go Toraigh.


OÉ Gaillimh
NUI Galway

Dioplóma i Scileanna Teilifíse agus Ilmheán



*Ar mhaith leat oibriú i dtionscal na teilifíse nó na n-ilmheán?*

- Scileanna ceamara, fuaime agus eagarthóireachta
- Trealamh nua-aimseartha den scoth
- Suíomh idirlín a dhearadh agus a chur ar líne
- Na Meáin Shóisialta: Facebook, Twitter agus YouTube
- Táillí íoctha
- Deiseanna fostaíochta in earnáil le teilifíse (TG4, RTÉ, Ros na Rún, Telegael srl)

Tuilleadh eolais:
(074) 9531919
gaothdobhair@eircom.net
www.acadamh.ie
www.facebook.com/acadamhghaothdobhair


# Iarrathóirí áitiúla le ceistniú ag 'Binse Tosaigh' Dhobhar

Tá Ionad Naomh Pádraig, Dobhar ag reáchtáil oíche eolais, sort fóram pobail darbh ainm; 'An Binse Tosaigh' ar an Déardaoin, 15 Bealtaine ag a 8.00in. Ócáid poiblí í seo le deis a thabhairt do phobal na Gaeltachta castáil agus cluinstin uaidh na hiarrthóirí uilig atá ins an rás ins na toghcháin áitiúla i dToghcheantar na nGleanntach.

Is ócáid poiblí é, ina mbeidh deis ag na hiarrthóirí iad féin a chur os comhair an phobail. Agus, ar ndóighe, go beidh deis muintir na háite éisteacht lena gcuid pointí, polasaithe agus araile, chomh maith len iad a cheistiú, plé agus scansáil a dhéanamh ar ábhar agus ceisteanna faoi leith le linn na hócáide.




**Is í an craoltóir Áine Ní Chuireáin a dhéanas cathaoirleacht ar 'An Binse Tosaigh' ar an 15 Bealtaine**

Is mian le Coiste Bainistíochta, Ionad Naomh Pádraig, cuireadh a thabhairt don phobal a bheith páirteach don ócáid; 'An Binse Tosaigh'. Beidh an láithreoir agus craoltóir de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta, Áine Ní Chuireáin sa chathaoir ar an oíche.

cartún

scadán caoch



# Pobal agus Cultúr

Tá focal amháin a chluinfidh muid arís agus arís eile an mhí seo chugainn.

Beidh polaiteoirí ag dul ó dhoras go doras ag iarraidh do vóta a fháil sa toghchán áitiúil agus sa toghchán Eorpach ar 23 Bealtaine agus, mar is gnách, beidh siad ag geallstan achan rud do dhaoine.

Beidh focal amháin, áfach, a bheas in úsáid acu níos mó ná ceann ar bith eile.

Pobal.

Ach caidé an rud é pobal? Is féidir an cheist sin a chur ar chéad duine agus is dóiche go bhfaighfeá céad freagra éagsúil. Bíonn a thuigbheáil féin ag achan duine ar caidé an rud é pobal, ach is féidir bheith cinnte go dtuigeann achan duine ar leibhéal inteacht gur cuid de phobal iad.

Tuigeann daoine fosta go bhfuil tábhacht le pobal. Má tá ionad seandaoine, mar shampla, ag cuartú airgid fá choinne tionscnaimh úir, gheibh siad tacaíocht ó na daoine sa cheantar leis an tionscnamh sin a chur ar bun. Mar an gcéanna, bhéarfaidh daoine tacaíocht do eagraíochtaí carthanachta do pháistí sa cheantar atá tinn. Tá sé nádúrtha, dar leat. Sin a bhfuil ann.

**Eagarfhocal**

**"Ach, nuair a gheibh na polaiteoirí blaiseadh beag den chumhacht, cá mhéad acu a chuireann luach ar bith ar phobail atá i mbaol ar fud na tíre?"**

Ach tuigeann daoine go bhfuil siad ag tabhairt tacaíochta don phobal nuair a thugann siad cuidiú do dhaoine a bhfuil an cuidiú sin de dhíth orthu.

Ar ndóigh, tá níos mó i gceist le pobal ná carthanacht. Caithfidh rud inteacht a bheith i gcoitinne ag daoine le pobal ceart a dhéanamh daofa agus caithfidh siad amharc orthu féin mar phobal.

Beidh na polaiteoirí ag díriú ar an rud seo, go n-amharcann daoine orthu féin mar chuid de phobal agus déarfaidh siad go seasfaidh siad leis an phobal sin.

Ach, nuair a gheibh siad blaiseadh beag den chumhacht, cá mhéad acu a chuireann luach ar bith ar phobail atá i mbaol ar fud na tíre?

I bpobal s'againn féin, tá muid i ndiaidh postanna a chailleadh ar an Screabán, tá siad ag bagairt oifigeacha poist a dhruid, tá turas fada le déanamh ag daoine a bhfuil ailse othu agus tá siad ag inse do dhaoine gan ghabháil chuig an Otharlann mar níl spás acu.

Téann na rudaí sin uilig i bhfeidhm ar phobal. Is féidir leo pobal ar bith a chloí.

Aisteach go leor, má léann tú stair na tíre seo, gheobhaidh tú amach go dtig lena mhalairt tarlú. Má sheasann an pobal le chéile in éadan rudaí mar seo, déanann sé pobal níos láidre de.

Tá luach sa phobal seo nach bhfuil duine ar bith sna húdaráisí ag tabhairt aird ar bith air. Amharc an méid daoine as na coláistí traenála a tháinig anseo le cúrsa Gaeilge a dhéanamh. Amharc fosta ar an méid daoine a tharraing Tóstal Éireann 2013 chuig an cheantar seo de thairbhe go bhfuil cultúr ar leith againn.

Cad chuige nach bhfuil muid ag amharc ar an chultúr sin mar acmhainn a dtig linn fostaíocht a chruthú thart air?

Dúradh é ar na leathanaigh seo roimhe. Gan fostaíocht, tá an Ghaeltacht marbh.

Tá sé soiléir nach bhfuil an Stát sásta nó ábalta an fhostaíocht sin a chruthú.

An gcaithfidh muid féin sin a dhéanamh?

Caidé atá le cailleadh againn má dhéanann muid iarracht?

**Fáiltíonn Goitse roimh litreacha ónár léitheoirí. Is féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig litir@goitse.org.**
**Seol comhfhreagras ar bith eile chuig eolas@goitse.org nó déan teagmháil ag 086 8476862**



# Fís Chaoimhe agus Éadaoin

A chara,

Caoimhe Ní Chathail agus Éadaoin Nic Mhuiris is ainm dúinn. Is beirt Ghaeilgeoir óga muid atá go mór paiseanta faoin Ghaeilge agus í a chur chun cinn. Is mac léinn Gaeilge agus Iriseoireachta í Caoimhe agus is mac léinn Cumarsáide í Éadaoin. Is aoibheann linn na meáin, craoltóireacht agus tairgeadh físeán. Mar sin, rinne muid an cinneadh seanal You Tube a bhunú darb ainm 'Tusa Tube'.

An tréith a shonraíonn ó mór chuid de 'You Tubers' óga an lae inniu ná gur trí mheán na Gaeilge a mbeidh muid ag obair. Tá muid ar bís faoin smaoineamh seo agus ag súil go mór leis na físeanna ar fad a mbeidh muid ag tairgeadh. Bhí an bheirt againn i láthair ag Lá Dearg Béil Feirste ar an Satharn 12 Aibreán, ag siúl ar son na Gaeilge. Tá grá ollmhór againn don Ghaeilge agus níl aon dabht ach gur lá mór a bhí ann dá caomhnú. Rinne muid an cinneadh taifead a dhéanamh den lá agus é a chur ar Tusa Tube. Seo an chéad fhís sin linn agus tá fáil air ag: **https://www.youtube.com/watch?v=U2_Dkl-Vp1c**

Bheadh muid fíor-bhuíoch as aon chuidiú uaibh agus ó ghrúpaí eile Gaeilge an fhís agus an seanal a chur chun cinn.

Bheadh sé an-fhónta mar thús maith don tionscnamh seo agus muid ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach nuálach.

*Le gach dea-ghuí,*
Caoimhe agus Éadaoin


# Cá bhfuil ár dtriall?

A chara,

Tá cinneadh mífhortúnach déanta ag Foras na Gaeilge deireadh a chur le maoiniú d'irisí clóite Gaeilge agus d'irisí eile ó mhí an Mheithimh 2014 ar aghaidh. Cinneadh é seo a dhéanann neamhiontas iomlán don phobal thraidisiúnta ar toil leo an léitheoireacht. Tá *Lá* agus *Gaelscéal* imithe, agus tá *Goitse* na Gaeltachta gan mhaoiniú.

Tá an Foras ag brath ar mhaoiniú a tharraingt siar ó *An tUltach*, buile mharfach do Ghaeil Chúige Uladh. Ba shuarach amach mar a rinne siad an gníomh seo ag am a bhfuil coiste úr óg díograiseach ag déanamh socraithe comóradh 90 bliain de bhunú na hirise (1924) a cheiliúradh.

Is cás faoi leith *An tUltach* atá ag feidhmiú faoi chóras rialtais nach bhfuil fabhrach do chur chun cinn na Gaeilge. Is é *An tUltach* a spreag scríbhneoirí móra Chúige Uladh chun pinn an chéad lá riamh. Scríbhneoirí mar Chlann Mhic Grianna, Seaghán Bán Mac Meanman, Fionn Mac Cumhaill, Niall Ó Dónaill, Séamas Ó Searcaigh, Aindrias Ó Baoighill, Eoghan Ó Dónaill, Tadhg Ó Rabhartaigh agus mórán eile. B'uirlis iontach *An tUltach* do chur chun cinn na Gaeilge sna scoltacha ar fud Chúige Uladh agus bhí béim mhór i gcónaí ar scríbhinní ón Ghaeltacht. B'iontach go deo an saothar a rinne iriseoirí, eagarthóirí agus coistí le beagnach céad bliain anuas agus d'ainneoin dhá thréimhse de thrioblóidí achrannacha go dtáinig *An tUltach* ar an saol achan mhí gan staonadh.



An Dr Padraig O Baoighill as Rann na Feirste, údar agus Uachtarán *An tUltach.*

Is cosúil nach dtuigeann an Foras an dúchas Ultach, mar chomh maith leis an bhagar diúltaithe do *An tUltach*, tá trí eagras i gCúige Uladh a rinne an-obair ar son na Gaeilge fágtha ar an bhlár fholamh .i. Iontaobhas Ultach, Altram agus Pobal.

Is deighilteach agus lochtach gan amhras mar a rinne siad le scríbhneoireacht na Gaeilge le tamall anuas. Le dúnadh *Lá* agus *Gaelscéal* rinneadh iarracht saoirse an scríbhneora Gaeilge a cheansú. Lena chois sin, fágadh Áis gan bainisteoir le blianta fada agus níor ceapadh duine margaíochta lánaimseartha don eagraíocht.

Bheinn ag impí ar an Fhoras breith ar a gciall, cumarsáid chairdiúil a chur in áit an duaircis agus gan dearmad a dhéanamh don dúchas Ultach.

Ní féidir leis leanúint, caithfidh *An tUltach* mairstin!

*Is mise le meas*
An Dr. Pádraig Ó Baoighill
Rann na Feirste

# Réiteach buan seachas tuilleadh dreideála atá de dhith ar Ché Mhachaire Rabhartaigh

**Chan innealra dreideála ach innealra tógála atá de dhith má tá réiteach buan le fáil ar fhadhbanna Ché Mhachaire Rabhartaigh.**



Caitheadh €2.6m ar shíneadh a chur le Cé Mhachaire Rabhartaigh in 2003. Tá an Chomhairle Condae ag caitheamh na mílte ar obair dreideála gach bliain ó shin.

**Aniar Aduaidh**

le **Brian Mac Rabhartaigh**

Tá corradh is céad go leith céanna agus struchtúir slipe thart ar chósta Thír Chonaill. Ar cheann acu seo, tá an chéidh atá lonnaithe ar cheann tráigh Phort Mhaise, i Machaire Rabhartaigh. Tá céidh ar an láthair seo le saol cait agus anuas fríd na glúnta, bhain idir phobal na tíre móire agus pobail na n-oileán i gcoiteann iomlán úsáide as. Le blianta beaga anuas anois tá tréan cainte is scansáil déanta fá dtaobh don chéidh áirithe seo.

Ar na mallaibh ansin, chan amháin gur tuaim na toinne agus na faileoga ag scairtigh, a bhí le cluinstin ag an céidh seo, ach bhí trup agus tormáin na n-inneall tochailte san aer fosta, lá is oíche. Bhí Comhairle Condae Dhún na nGall i mbun oibre agus iad ag stiúradh oibreacha dreideála ag an chéidh don darna uair i mbliana, ionnus go mbeadh na bádaí iascaireachta agus bád farantóireachta oileán Thoraí ábalta fáil isteach le taobh na céadh go sábháilte, gan dochar, gan damáiste.

Sa bhliain 2003, cuireadh síneadh de 80m leis an chéidh agus rinneadh oibreacha dreideála fosta ag an am sin, ar chostas iomlán de €2,603,000. Bá é An Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a mhaoinigh €2,413,00 den togra agus chur Comhairle Condae Dhún na nGall an mhaoiniú breise de €190,000 ar fáil. Shilfeá, nuair a bhí suim chomh fiúntach sin airgid á infheistiú, i struchtúr calaphoirte, fartha agus iascaireachta dá leithid, nach mbeadh feidhm mórán eile airgid a chaitheamh ar an togra nuair an bheadh an obair críochnaithe ina iomláine. Ach, ón bhliain 2003 go dtí inniu ann, tá Comhairle Condae Dhún na nGall ag caitheamh na mílte euro d'airgead na gcáin-íocóirí, bliain i ndiaidh na bliana, ag tabhairt faoi obair éigeandála dreideála agus cothú trá i Machaire Rabhartaigh. Ar ndóighe, ardaíonn sé seo ceisteanna go leor, maidir leis an obair pleanála agus an treoir a tugadh d'ionadaithe na Comhairle Condae agus a úsáideadh mar dhúshraith leis an síneadh a cuireadh leis an chéidh an chéad lá riamh. An bhfuil teacht aniar ar bith ar an Comhairle Condae, más rud é nár tuairiscíodh daofa, an tábhacht a bheadh le balla cosanta mara, leis an gaineamh a choinneáil ó bheith ag carnadh le taobh na céadh? Nach shílfeá go mbeadh a leithéid de bhalla cosanta mar pháirt lárnach de réamh-mheastachán na hoibre ó thús? Má bhí amhlaidh, cad tuige ar tugadh faoin obair seo nuair a bhí síneadh breise á chur leis an chéidh? Muna raibh a leithéid luaite ins na tuairiscí a cuireadh ar fáil, ó na hinnealtóirí agus an comhairleoirí cuí, cad tuige nach raibh? Ar cuireadh ar a súile don Chomhairle Condae ag an am, go mbeadh gá le obair dreideála, bliain i ndiaidh na bliana, leis an chéidh a choinneáil foscailte agus sábháilte?

Thug príomhtheicneoir na Comhairle Condae le fios do Choiste na Trá, atá ag gníomhú go deonach i Machaire Rabhartaigh, i ríomhphost chucu i Mí na Márta anuraidh; “Maidir le tógáil bhalla farraige, ceapadh Comhairleoir Innealtóireachta le dearadh agus doiciméad a ullmhú chun iarratas urthrá a dhéanamh le haghaidh na hoibre. Tá an chéim seo chun cinn go maith agus táimid ag súil le bheith in ann iarratas a dhéanamh go luath.”

Is ábhar imní agus lagúchtaigh do, idir iascairi agus mhuintir na háite é go dtí seo, nach bhfeiceann siad forbairt fiúntach de shórt ar bith á dhéanamh ar bhalla cosanta, ach a mhalairt, airgead á chaitheamh go hamaideach achan ráithe ar obair dreideála. Muna dtabharfar aghaidh dáiríre ar an cheist seo agus a theacht aníos le réiteach chomh gasta agus ar bhonn práinne, is cinnte go mbeidh slí beatha ársa na n-iascairí, chomh maith leis an cheangal beatha agus turasóireachta go oileán Thóraí agus Inis Bo Finne i mbaol.

Tá sé fíor thábhachtach anois go mbeidh próiseas cuí comhairleacháin ann i dtaca na ceiste seo agus go dtabharfaí cluas ghéar éisteachta do na hiascairí, do lucht úsáidte na céibhe agus an pobal áitiúil. Anuas air seo, go mbeadh ról lárnach acu i cibé pleananna forbartha atá a dhearadh do cheantar agus do Céidh Mhachaire Rabhartaigh. Caithfear oibriú as láimh a chéile ar mhaithe le leas an cheantair ina iomláine, agus níos tábhachtaí, le deireadh a chur leis an amaidí agus an cur amú airgid náireach atá ag tarlú bliain i ndiaidh na bliana. Chan innealra dreadála atá dhiabhail níos mó anois ag ceidh Mhachaire Rabhartaigh ach innealra tógála agus tús a bheith curtha leis an obair ar bhalla cosanta mara gan a thuilleadh moilleadóireachta.

Goitse
ar fud na cruinne
Tá Goitse ar fáil ar-líne ag **www.goitse.org**

# Corn Uladh do Réaltóga Mhachaire Rabhartaigh



Páistí as Scoil Naomh Dubhthach, Machaire Rabhartaigh, a bhain duaiseanna i gcomórtas Réalt Uladh 2014, Caoimhe Ní Ghallachóir, Brian Oscar Mac Grianna, Donnchadh Ó Colla, Neansaí Ní Mhaolmhichil (múinteoir), Annie Ní Mhíochain, Kelly Nic Pháidín, Katelyn Nic Giolla Chóill agus Ciarán Mac Giolla Chóill.




Caitlín Uí Chonluain, Réalt Uladh, ag bronnadh Corn Réalt Uladh ar Scoil Naomh Dubhthach, Machaire Rabhartaigh, buaiteoirí Réalt Uladh 2014.

# Breandán Ó Raghallaigh R.I.P.

Rugadh agus tógadh Breandán Ó Raghallaigh i Sráid Linden in íochtar cheantar na bhFál i mBéal Feirste. Chuaigh sé le cumhdach troscáin mar cheird nuair a bhí sé réidh leis an scoil. Thoisigh sé a fhoghlaim na Gaeilge i gCumann Chluain Árd, a bhí an uair sin i Sráid Phort Láirge in aice leis. Nuair a fuair an Cumann léas ar sheangharáiste agus ceárta bád i Sráid na Sceiche, bhí Breandán ar na hoibrithe deonacha a rinne áras cumainn de.

Bhí guth maith ceoil aige agus ba theanór é ins an chór ceathracha fear a bhí ag an Chumann. Ba dhuine gealgháireach é a bhí ina aisteoir agus ina fhuirseoir sna léiriúcháin staire agus siamsa a rinne an Cumann ar a chonlán féin agus i gcomhar le Compántas Amharclainne na Gaeilge as Baile Átha Cliath.

Ba bhall gníomhach é de Ghluaiseacht na Poblachta agus gabhadh agus himtheorannaíodh é i gCarcair Bhéal Feirste i ndeireadh na gcaogaidí. Agus na blianta braighdeanais déanta aige, chuaigh sé i gceann an tsaoil arís. Thoisigh sé féin agus cairde leis a ghabháil go Gaeltacht Thír Chonaill. I Rann na Feirste, casadh Nóra Frainc Chonaill Ní Dhuibheannaigh dó. Phós siad agus rugadh cúigear clainne daofa — triúr mac agus beirt iníonacha.

Bhí sé páirteach i bhfeachtas phobal Rann na Feirste lena scoil a choinneáil nuair a bhí an Stát ag druidim scoltacha Gaeltachta as éadan. Ba dhlúthchara leis ón uair sin Seán Ghráinne Ó Duibheannaigh, go ndéanaidh Dia trócaire air.



Breandán Ó Raghallaigh

Bhí sé ar thoiseach an fheachtais i dTír Chonaill le stádas polaitiúil a bhaint amach do na cimí Poblachtacha sna H-Bhloic.

Ní raibh sé fuar ná fálsa i rud ar bith dá dtearn sé. Bhí creideamh láidir aige agus a dhearcadh féin aige ar chúrsaí an tsaoil.

Céile dílis, athair cineálta do Sheosamh, Nóra, Caitlín, Proinnsias agus Breandán, agus comharsanach maith. Go bhfaighidh Nóra agus a clann agus a garchlann sólás ina mbris. Ar dheis Dé go raibh anam Bhreandáin.

# Seanchas Rann na Feirste beo ar an idirlíon

**Cur síos le Maeleachlainn Mac Cionaoith ar shuíomh idirlín ar a bhfuil Seanchas Rann na Feirste le léamh agus le cluinstin.**

Ba sa bhliain 2005 a tháinig an leabhar *Seanchas Rann na Feirste: is fann guth an éin a labhras leis féin amach.* Cúig céad cóip dó a cuireadh i gcló agus bhí siad sin uilig díolta i ndiaidh trí mhí. Eadar sin is tráthas tháinig daoine chugam ag fiosrú an dtiocfadh leo cóip den leabhar a cheannacht, rud nach dtiocfadh, ar ndóigh. Is ansin a chuaigh mé a smuaintiú go bhféadfaí an leabhar, agus na taifeadtaí atá ag gabháil leis, ar chur ar an idirlíon, áit a mbeadh ábhar an leabhair ar fáil Domhnach is dálach ag duine ar bith a rabh ríomhaire, ípead, táibléad nó fón cliste aige. Chuaigh mé i mbun oibre ansin leis an bheart seo a chur i gcrích, agus as siocair na hoibre sin tá *Seanchas Rann na Feirste: is fann guth an éin a labhras leis féin* anois ar fáil ag **rannnafeirste.com**. Agus is cuma cén cineál gléis atá agat le gabháil ar an idirlíon — ríomhaire, ipead, táibléad, fón cliste — cuirfear cuma soléite ar ábhar an leabhair a fhóireas don ghléas atá agat. Thig leat a bheith ag léamh leat nó ag éisteacht leat, nó an dá chuid a dhéanamh ag an am amháin.




Goidé go díreach atá sa leabhar seo?

Bheir teideal an leabhair le fios gur seanchas pobail atá ann: ceithre dhuine dhéag, eadar óg is fásta, atá le cloisteáil ag aithris dántaí nó ag inse scéaltaí i nGaeilge bhinn bhlasta Rann na Feirste. Tá fairsinge téamaí sa leabhar; seo cuid acu: fear atá pósta ar bhean nach den tsaol seo í ('Banríon an Uaignis'); gasúr a rabh an mífhortún ag siúl leis ('Gasúr an Mhí-Áidh'); bean ghallta agus Caitliceach fir a rabh grá eatarthu ('Mac an Gharrantóir agus Níon an Duine Uasail'). Tá laochra breátha an tseantsaoil ann fosta: Fionn Mac Cumhaill, Caoilte Mac Crannchair agus Goll Mac Móirne, ar chaith a mháthair ceithre bliana déag ag tabhairt brollaigh dó agus a rabh neart coirp as cuimse mar gheall air sin aige. Tá an greann agus an cumhaidh curtha i míotar sa leabhar ag filí an cheantair: éist leis an dán 'Spéirbhean na Corrmhíne' agus dhéanfaidh tú gáire; éist le 'Amhrán Hiúdaí Phádaí Éamainn' agus tiocfaidh na deora leat.

Tá seo, agus tuilleadh lena chois, le fáil agat ach tú gabháil chuig an suíomh idirlín www.rannnafeirste.com.




Buail is osclófar

Knock and it will open

Logáil isteach ar **www.gaeilge.ie** leis an mbealach is tapúla a fháil go dtí an t-eolas atá uait. Féach na mionfhógraí ar NASC, áit ar féidir leat:
- fógra a chur suas le cúrsa nó imeacht a lorg nó a fhógairt,
- do réimse spéise a chlárú chun foláirimh a fháil a nuair a fhógraítear eolas nua, nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuardach – agus a lán eile.

Just log on to **www.gaeilge.ie** for the quickest route to the information you need. Check out the NASC classified ads where you can:
- post an ad to request or advertise a course or event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood – and much more.

Foras na Gaeilge

1850 325 325 / 0845 309 8142
eolas@forasnagaeilge.ie

## Rúille Búille ar Highland

Tá irischlár úr, *Ruaille Buaille*, tosaithe ar Highland Radio. Is é sprioc an chláir freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in iarthuaisceart na tíre.

Tá an clár ar an aer achan tráthnóna Dé Máirt ag 8.30 le meascán de chúrsaí reatha, spórt, ceol, drámaíocht, aithriseoireacht, ócáidí, agóidí, óráidí agus amaidí.

Is é Colm Feiritéar láithreoir an chláir agus thig leat teagmháil a dhéanamh leis ag an seoladh rr@highlandradio.com.

## Deireadh seachtaine glantacháin

Beidh an Coiste Glantacháin ag glanadh bhóthar chúl an Earagail ag deireadh seachtaine an 2 Bealtaine. Cuirfear miotógaí agus málaí ar fáil.

Tuilleadh eolais ar fáil ó Teresa ag 0876956076.




Scoláirí ón 3ú Bliain, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, a bhailigh €2,000 ar mhaithe le Cumann Cathaoir Rotha na hÉireann ag Ionad Phádraig, Dobhar. Thug na mic léinn faoin Earagail a dhreapadh le hairgead a bhailiú dá gcuid carthannachtaí. Bhronn siad €500 ar Ospidéal Shráid an Teampaill, Baile Átha Cliath i ndiaidh doibh Lá gan Éide Scoile a eagrú.


# Dea-thoradh ar fheachtais charthanachta scoláirí Phobalscoil Ghaoth Dobhair




Scoláirí ón 3ú Bliain, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, a bhailigh €1,520 ar mhaithe le Focus Ireland agus an Dónal Walsh Live Life Fund. Bhailigh na scoláirí urraíocht leis an Earagail a dhreapadh chomh maith le hairgead a bhailiú ó chustaiméirí Shiopa Mhicí, An Coitín.




Bhailigh mic léinn ón 3ú Bliain, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, €2,225 ar son an Laura Lynn Children's Hospice, nuair a d'eagraigh siad Tráth na gCeist le hurraíocht áitiúil.



# Lá Dearg Bhéal Feirste




Bhí ionadaíocht láidir ón taobh seo tíre ag An Lá Dearg a bhí i mBéal Feirste ar 12 Aibreán, ag iarraidh Acht Teanga sna Sé Chontae agus ag déanamh agóide faoi na ciorruithe ar eagraíochtaí Gaeilge ansin. Ní ar an mhórshiúl amháin a bhí muintir na dtrí paróistí le feiceáil, áfach. Bhí Sara Ní Chuireáin as an Choitín mar chainteoir ar an lá agus d'aithris Hiúdaí Mac Gairbheith (4) as Rann na Feirste dán a chum a athair Aodh fosta.







Sara Ní Chuireáin ag labhairt leis an tslua ag an Lá Dearg i mBéal Feirste

# An Bheith in áit na scuaibe

## An Bheith
## *Betula spp.*

*A bheithi blaith beunachtach,*
*A bhorrfadaigh bhinn,*
*Alainn gach craobh ceangailteach*
*I mullach do chin.*
*(Ó Laoi Shuibhne)*

Tá an dá speicís ón ghéineas Betula ag fás go nádúrtha sa tí. Ach tá an Bheith Gheal *Betula pendula* agus an Bheith Chlúmhach *Betula pubescens* an-chosúil lena chéile agus chomh gaolta go dtig leo trasphailniú. Bhí siad rangaithe fiú ag Linnaeus, an t-ainmnitheoir ársa, mar chineál amháin ar a bhronn sé an t-ainm *Betula alba*. Meastar gur shíolraigh an Bheith Chlúmhach ón Bheith Gheal tré athrú inar mhéadaigh an uimhir chrómasóim sna cealla faoi dhó.

Cé go bhfuil cuma fhíneálta ar na crainn seo tá siad in ann maireachtáil níos faide ó thuaidh agus níos airde ar shleasa cnoic na crann ar bith eile. Is mar gheall ar seo atá achar fairsinge talaimh faoi na crainn i dtuaisceart na Rúise, na hEorpa agus Cheanada. Tá na crainn chomh coitianta sa tSibéir agus an oiread úsáid ag an dream dúchasach leo, nach dtig leis na Khanty saol gan iad a shamhlú agus creideann siad go bhfásann beith sa domhan eile.

Tá an duilliúr ag briseadh amach anois agus bláthú ag toiseacht. Bíonn na bláthanna fireanna agus baineanna éagsúil óna chéile ach an bheirt le fáil ar an crann amháin. Seo an córas monaíseach atá in úsáid ag timpeall 5% de na cineálacha difriúla plandaí dá bhfuil ann. Is



**Scríbhinn a rinneadh ar chraiceann beithe san 13ú aois agus a thánagadh air in Novgorod na Rúise.**

caitíní iad na blátha; na cinn fhireanna ag síneadh agus iad ar oscailt go bhfuil siad ar crochadh anuas; bíonn na blátha baineanna, atá níos lú, ag seasamh ar na géaga. Nuair atá na síolta aibí, briseann an caitín ina phíosaí agus ligtear saor na mionchnóanna. Bíonn cluasa eiteacha ar gach cnó beag sa dóigh go dtig leis eitilt ar an aer. Táirgeann crann méid ollmhór síol agus bíonn crann óg giniúnach tar éis deich mbliain. Is de bhrí seo atá an bheith ábalta ionradh gasta a dhéanamh ar cheantair mar na caoráin gearrtha i lár tíre agus ar thalamh lomtha tar éis foraois bheith leagtha. Agus, ar ndóigh, nuair a bhí críoch ag teacht leis an oighearaois fadó, ba iad beitheanna na céad chrainn a d'fhás.

Tá coirt mar pháipéir ag na crainn agus maireann lámhscríbhinní Hindu a scríobhadh ar choirt *B. papyrifera* 3,800 bliain ó shin. Bhí an craiceann seo in úsáid fosta ag bundúchasaigh Mheiriceá chun curach nó canú a dhéanamh.

Is craobhóga miona atá ag an bheith agus déantar scuab astu. Sa tsean am bhí siad mar fuip chun pionós a chur ar dhaoine — is ón Laidin don fhocal 'bualadh' a thagann an ainm Betula.

Go minic feictear fás ar nós nead trína chéile sna géaga. Tugtar scuab chaillí air seo agus thig le víorus, feithid nó fungas bheith mar chúis leis seo.

Tá roinnt mhaith beacáin a fhásann i gceangail le beith, cuid acu a bhfuil an-tóir orthu mar bhia. Lena chois tá *Inonotus obliquus* as a dtagann coigeas in éadan ailse agus *Piptoporus betulinus* a fhásann ar na géaga atá úsáideach chun faobhar a chur ar lann.

Tá an Leamhan Riabhach *Rheumaptera hastate* le fáil anseo san iarthuaisceart cé nach bhfuil sé forleathan sa tír. Bíonn na boilb beo ar dhuilleoga bheithe.

—C. Mac Conn Tíre



Sorcha Ní Dhubhcháin ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair, buaiteoir Roinn 4 le 'Cúrsaí Cleamhnais' ag fáil an choirn ó Chaitlín Ní Chochláin.

# Duaiseanna Féile Scoildrámaíochta Uladh bronnta ar léirithe áitiúla

Léiríodh 22 dráma in Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn, mar chuid de Fhéile Scoildrámaíochta Uladh ar na mallaibh. Ar na léirithe áitiúla a fuair ainmniúchán bhí Scoil Adhamhnáin, An Luinnigh; Scoil Bhríde, Mín an Chladaigh; Céim Aniar, Na Dúnaibh; Pobalscoil Ghaoth Dobhair agus Club Óige na Crannóige.

Is é Paul Mc Avinchy, Iúr Chinn Trá, a bhí i mbun moltóireachta.



Caoimhe Nic Pháidín agus Alicia Nic Aoidh, Scoil Bhríde, Mín an Chladaigh, a bhain duais do léiriú na scoile den dráma Bun agus Barr na mBróg.




Bronnadh Corn Thomáis Mhic Giolla Bhríghde ar Joe Ó Gallchóir, Gort an Choirce, Príomhoide Scoil Ultáin, Muineachán, do Scoth-léiriú na Féile leis an dráma An Jungle Book.



Caoimhe Nic Pháidín Ní Dhomhnaill, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, ag glacadh leis an chorn don dráma 'Filleann an Feall ar an Fheallaire' a bhain Roinn 6 ag Féile Uladh.



Manus Ó Duibhir, Scoil Adhamhnáin, An Luinnigh – ag glacadh le corn dá léiriú 'Na Fianna agus an tOchtar Fear Maith'. Bhain Clodagh Ní Ghallchóir, Scoil Adhamhnáin duais fosta agus bronnadh duais ar léiriú na scoile de 'An Bád'.



Neasa Bheáid agus Cathal Ó Curráin i radharc ón dráma 'An Pósadh' a léirigh scoláirí Phobalscoil Ghaoth Dobhair ag an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta ar na mallaibh.



Radharc ón dráma 'Cúrsaí Cleamhnais' le scoláirí Idirbhliain Phobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaidh Craobh na hÉireann ag an Fhéile Náisiúnta.




Foireann an dráma 'Filleann an Feall ar an Fheallaire' le scoláirí Idirbhliana Phobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaidh Craobh na hÉireann san Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta le goirid.

# Tá sé in am againn pilleadh ar an chladach!



## Colún Nóra Chit

"Níl a leithéid de rud agus sean-bhean ann níos mó" a dúirt bean liom le gairid, "agus bhíodh siad galánta, ina seálta agus a ngruaig cóirithe go deas ar chúl a gcinn".

Smaointigh mé ar Chéitín, nach mbeidh a leithéid arís ann; sean-bhean bheag chaol i mbuaitisí láidre, naprún thar sciorta fada uirthi, cairdeagain a chniotáil sí féin, agus scairf ar a cloigeann i gcónaí. "Ar mhaith leat tobar beannaithe a fheiceáil?" a d'iarr sí orm lá amháin. Lean mé í thar chreig is thar chlaí, trí mhíle siar an chósta, í ag rith mar ghabhar romham agus í in aois a ceithre scór.

Bhí na mílte sean-orthaí cosanta aicí mar leigheasanna ar phianta droma, péisteanna, agus, an ceann is iontaí, Ortha an dul amú, a chuideodh le duine dalla mullóg a chur ar na péas, dá mba rud é go raibh siad sa tóir ar phoitín a bhí curtha i bhfolach faoin talamh. San ortha sin, guíonn tú ar Mhuire a brat gorm a leathnú thar súile na bpéas, sa dóigh is nach bhfeicfeadh siad an rud a bhí faoina srón. Dhearbhaigh sí go dtiocfadh leo siúl thar phoitín nua-churtha agus ní thabharfaidís tada faoi deara. Mhair sí sa chlapsholas idir an Phágántacht agus an Chríostaíocht. Ba foinse eolais iontach í ar an saol a bhí. Tá cóipleabhar agam a líon sí dom le achan chineál eolais: a scríobh néata ar an sean-stíl Gaelach, gan locht sa ghramadach nó sa litriú.

Bhí an-dúil aici in sna leabhair – léifeadh sí gach rud ó ghreannáin go dtí An tOileánach. Léigh sí Súil le Breith, leabhar faoin chaidreamh idir bean óg agus sagart a thug scannal do dhaoine ag an am, agus dúirt sí faoi "Bhí siad á rá go raibh rudaí scannalach sa leabhar, ach ní fhaca mise a dhath iontach ann — ach bhí Johnny ag léamh an leabhair do Mhaidhc (fearr gan léann) agus é ag cur a ghiotaí féin leis, agus Maidhc bocht ag scairteadh 'ní dhéarfadh an sagart sin!'". Bhain Céitín an-sult as seo. Ní raibh aon chuid den caolaiginteacht phiúratánach a tháinig isteach leis an Chríostaíocht in a meon.

Chaith sí a cuid ama ar an chladach ag piocadh sligéisc agus feamainne. Ní raibh mórán de dhíth uirthi sna siopaí – bó sa gharradh, glasraí curtha aicí, éisc ghoirt, nó díreach isteach ón fharraige ar fáil dí. Thaispeáin sí dom uair amháin Cailleach Dhubh a scaoil a mac don a ndínnéar. A rian sin uirthí, bhí sí chomh folláin le breac.

Cinnte, ní raibh mórán bruscair riamh aicí. Anois ag deireadh na seachtaine tá muid uilig ag cur moll bhruscair go dtí láithreán fuílligh ag cruthú buama ama toicsic a phléascfas am inteacht, ag déanamh scrios ar uisce agus ar shláinte. A mhalairt ar fad do shaol Chéitín, tá saol s'againne á riarú ag na gnónnaí mhóra. Gan an neamhspleáchas maireachtála a bhí ag Céitín againn níos mó, ní furast neamhspleáchas intinne a bheith againn ach oiread. Tá sé níos soiléire achan lá an dóigh atá saol achan duine agus achan rialtas faoi thionchar ag gnónnaí mhóra an domhain. Pillimis ar an chladach!



## Dánta Úra
le Máire Dinny Wren

## Ar an Imeall

Ba dhíomhaoin mo ghlór
ag an dream a bhí i réim.
Bhrúigh siad faoi chois mé
is thug doras an doichill domh.

Mhair mé ar an imeall
ar mo sheachnaint i measc mo dhaoine,
fágtha ar an trá fholamh;
creimthe ag gach éalú mara agus trá.

Ach le casadh na taoide
nocht dúsholas as an doilbhcheo
agus gaoth chóiriúil le mo chúl,
chuaigh mise sa bhearna bhaoil.

Bhí na sluaite mar mhaidhm rabharta romham,
tagtha le deargruathar as na ceithre hairde,
iad ag máirseáil ina dtreasa ar na sráideacha
is fearg á léiriú acu le lucht an scoirn.

Bród orthu as a dteanga dhúchais
is a gcearta a gcosaint acu.
is le doirne san aer ag Gaeil
a chuir mise an drochuair thairim.

## Dord na Murúch

Cloistear dord dólásach na murúch
ina mhacalla os cionn chrónán na dtonn,
sula nochtann siad ar an tsnámh
fá bhruach an chladaigh is fá bhéal na trá

ag síorchíoradh a gcuid gruaige
ina cuacha gormuaine ar bhrollach na dtonn,
ag lupadán lapadán sa lán mhara
is ag meidhir i measc muranáin maranáin.

D'éalaigh siad as an duibheagán
ag scoitheadh a gcuid lanntracha,
tháinig i dtír is mhair siad tráth
amhail céilí agus máithreacha clainne.

Cloistear beochaoineadh na murúch
ina mhacalla os cionn dhord na mara,
claochlaithe le gach marbhshruth
gaibhte go síoraí idir an dá thrá.

## An tÉan Dara

Mheall tú an t-éan as dair chaoráin,
mhúnlaigh tú an t-adhmad cruaidh,
a ghlanadh 's a bhláthnú,
go dtáinig tú ar an smólach.

Cheap tú spiorad an éin fhiáin
san adhmad chianaosta;
Chuala tú a ghlór –
a cheol binn as na móinteáin.

Thuig tusa agus an t-éan a chéile
agus sibh araon sáinnithe;
tusa gafa san aois leanbaí,
an t-éan i ndoimhneacht an fhraochlaigh.

Mairfidh spiorad an éin sa dair chaoráin
mar a mhairfidh do spiorad i ngéaga do theaghlaigh.



Máire Mhic Niallais ag bronnadh príomhdhuais An Béal Binn 2014, Corn Cuimhneacháin Phat Uí Rabhartaigh (a bhronn RTÉ Raidió na Gaeltachta) ar Laura Ní Dhuibhir, Glaisdobharchú.

## Béal Binn Laura

Bronnadh príomhdhuais An Béal Binn, Corn Cuimhneacháin Phat Uí Rabhartaigh, ar Laura Ní Dhuibhir as Glaisdobharchú mar chuid d'imeachtaí Éigse Uladh a bhí ar siúl i bPobalscoil Ghaoth Dobhair ar na mallaibh. Bhain Laura an chéad áit i Roinn F, Teastas Sóisearach leis an dán nuachumtha 'An tIolaire' a scríobh a hathair, Manus Ó Duibhir. Is é Danny Ó Duibhir, deartháir le Laura, a fuair an dara áit i Roinn D, Rang 3 agus 4, leis an dán 'A Bhainisteoirí'. Bhain an dán céanna, a scríobh a athair Manus Ó Duibhir chomh maith, an tríú áit don dán nuachumtha.



Danny Ó Duibhir

## Dearg le Fearg

Síos Sráid Uí Chonaill a shiúil mé lá,
le seandaoine 's páistí, fir agus mná
Mhol Conradh na Gaeilge go bhfágfadh muid lorg
Agus bhí muid uilig gléasta agus Dearg le Fearg.

Nuachtán Goitse a scaip an scéal,
Bhfuil muid ag fáil cearta teanga? D'fhreagair muid Níl.
Ba mhaith liom Gaeilge a labhairt nuair a bhéas me mór,
Ach dúirt Mamaí go raibh muid ag fáil an chluas bhodhar.

Bhí Ronán Mac Aodh Bhuí ár dtreorú síos,
Go leoraí mhór a bhí aige ar cíos.
Dorn san aer agus na Gaeil go deo,
Coinneoidh muid ár dteanga dhúchais beo.

Cé bhí ann ach an t-Athair Brian,
Ag comhairliú 's ag socrú ar an scaifte bhí fiáin.
Sheas sé suas agus choiscreac sé an slua,
Agus scairt "coinnígí 'gabháil nó is cinnte gur fiú é".

Brait agus comharthaí sáite sa spéir,
Gach canúint Gaelach le cluinstin san aer.
Hataí 's T-Leinte 's fiú amháin bandana's,
Ar na slóite ag siúl agus iad Dearg le Fearg.




Ailbhe Ní Ghallchóir a bhain an chéad áit amach sna comórtais Abair Amach agus sa Bhéal Binn i (Rannóg 3 & 4). Bhain an dán Dearg le Fearg an dara h-áit sna dánta nua chumtha ag Abair Amach fosta. Tá Ailbhe 10 mbliana d'aois agus ag freastal ar Scoil Adhamhnáin Naofa, An Luinnigh.

An Ghaeilge faoi chois agus an coimisinéir ar shiúl,
Na bodaigh sa rialtas a bhí ar a chúl.
"Mór mó náire; mó chlann féin do dhíol a máthair",
Sin an rud a thug muid go dtí an príomh chathair.

Bhí Gerry Adams ag greadadh ar dhruma.
Ag tógáil racáin ach, leoga, ba chuma.
Mháirseáil sé leis go doras an Dáil,
le muintir Bhéal Feirste ag ceol "tiocfaidh ar lá."

Chruinnigh ár n-agóid taobh amuigh den Dáil
Ach faraor ní raibh na teachtaí ar fáil.
Ach na cainteoirí breátha a spreag muid le brí,
Agus a dúirt níl anseo ach an tús, agus ardaigh do chroí.

Ar an bhealach go Gaoth Dobhair ní raibh orm an spin,
mar shíl mé nach n-eisteódh na politicians linn.
Ach dúirt Dadaí "ná bíodh fearg ort ach bród
Mar is girseach bheag mhaith thú a sheasaigh an fód".

Ar an teilifís a bhí muid agus ins na meáin go léir,
Shíl lucht an Bhéarla go raibh muid ar shiúl ar an téar.
Níor thuig siad go raibh muid ag cosaint ár stair,
Agus nach ligfidh muid dár gcultúr bheith fágtha ar lár.

A Mhuintir na tíre, an bhfuil sibh sásta le seo?
Labhraigí bhur dteanga is coinnigh í beo.
Ba chóir daoibh bheith bródúil is a Dhia nach mairg,
Nach bhfuil gach duine in Éirinn Dearg le Fearg.

# FÓGRAÍ POBAIL

**FORBAIRT POBAIL:**

● **Oifig an Phoist – An Bun Beag**
Tá bhur dtacaíocht á lorg le Oifig an Phoist, An Bun Beag, a shábháil! Tá agóid a eagrú taobh amuigh de Oifig an Phoist, An Bun Beag, Dé hAoine 25 ag 11.00 r.n. Fáilte romhaibh uilig!

● **Pobal Eascarrach**
Beidh Cruinniú Cinn Bliana (A.G.M.) 2014 ag coiste Pobal Eascarrach ar an 13 Bealtaine, san Ionad Acmhainne i mBéal an Átha, ag tosnú ar 7.00 i.n. Toghfar coiste úir ar an oíche. Tá fáilte roimh an phobal uilig.

● **Turas**
Tá Pobal Eascarrach ag eagrú turas go dtí an Ulster American Folk Park, An Ómaigh, ar an 26 Bealtaine. Beidh costas €25 le díol fá choinne taisteal, lón agus admháil go dtí an pháirc. Cúir scairt ar Caitlín no Gráinne ag 074 9180571.

● **MOT – Meitheal Oibrí Tacaíochta**
Seanóirí ar bith a bhfuil tacaíocht/cuidiú ar bith de dhíth orthu le jabanna beag thart fán teach, cur scairt ar Ionad Naomh Pádraig 074 9532949

● **Deireadh Seachtaine Glantacháin**
Beidh an Coiste Glantacháin ag glanadh bhóthar chúl an Earagail ag deireadh seachtaine 2 Bealtaine. Beidh miotógaí agus málaí linn. Má tá suim agat cuidiú linn, cuir glaoch ar Teresa ag 0876956076. Bígí linn!

● **Fógra Buíochais**
Buíochas mór le achan duine a bhí páirteach ar an Satharn 5 Aib agus a chuidigh an bhruscar a thógáil ó imeall na mbealtaí móra fá cheantar Ghort an Choirce. Tá seo tábhachtach d'íomhá na tuaithe agus fosta má bhíonn muid ag iarraidh turasóirí a mhealladh chun na háite. Buíochas leis an Comhairle Contae as sciop a chur ar fáil. www.meas-it.com.

**SIAMSAÍOCHT:**

● **Bingo Dhobhair**
Beidh bingo ar siúl in Ionad Naomh Pádraig Dé Satharn 3ú Bealtaine @ 8.30. Bus ar an bhealach mar is gnách.

● **An Chéad Chomaoineach**
Beidh cóisir ceiliúrtha do na páistí atá ag déanamh an Chéad Chomaoineach ó Scoil Phádraig, Dobhar agus a gcuid teaghlaigh in Ionad Naomh Pádraig i ndiaidh an Aifrinn i Mín Uí Bhaoill agus i nDún Lúiche Dé Domhnaigh 4 Bealtaine. Fáilte romhaibh uilig.

**RANGANNA CEOIL:**

● **Ceol 's Spraoi**
Ranganna ceoil do pháistí beaga (0-5 bliana d'aois) ag toiseacht in Ionad Naomh Pádraig Dé Máirt 6ú Bealtaine @ 2.00 i.n. Chun clárú nó chun tuilleadh eolais ar na himeachtaí seo a fháil, labhair le Máire nó Annelene ag 074 9532949, nó cur ríomhphost chuig ionadnp@eircom.net



Páistí as Scoil Phádraig Dobhar ag cur síol í nGarradh An Chraoibhín Aoibhinn, Ionad Naomh Pádraig

# Ag pleanáil do gharraí: Aibreán is Bealtaine

**Blag na mBuataisí**
le **Bríd Ní hIcí**



- **Síolaigh cairéid, meacain bhána agus raidisí go díreach**
- **Coinnigh glasraí atá ag síolú taobh istigh go fóill**
- **Cuir prátaí, oinniún agus gairleog taobh amuigh i gceapacha**
- **Cosain na plandaí atá amuigh o slugaí/drúchtín**
- **Cuir leitís agus duilleoga sailéad taobh amuigh, ach clúdaigh iad le cloche ar feadh tamall.**
- **Tosaigh ag cruachan na plandaí síolóige.**

Anois agus mí Aibreáin chóir a bheith thart, ba chóir go mbeadh na prátaí sa talamh agaibh. Cosúil leis na prátaí, is glasra iontach coitianta an oinniún sa chócaireacht agus tá said iontach furasta a fhás. Ach caithfidh tú déanamh cinnte go bhfuil said curtha i dtalamh atá leasaithe go maith agat agus atá saor ó uisce. Is maith leo suíomh oscailte, grianmhar. Cuir na bleibíní sa dóigh go bhfuil an barr den bleibín le feiceáil; is maith an rud iad a chlúdach le cloche nó fleece le cinntiú nach bhfuil na héanacha ábalta iad a tharraingt amach as an talamh. Cuir iad le spás thart fá 10cm idir na bleibíní. Níl mórán le déanamh leo ach déanamh cinnte go bhfuil said glan ó lustain.

Téann an planda siar níos faide sa stair ná chóir a bheith glasra ar bith eile; tá fianaise ann le taispeáint go dtáinig an planda ón Afganastáin, an Phacastáin agus ón Iaráin. Bhí an oinniún iontach tábhachtach mar bhia san Éigipt fosta idir 2800-2300 BC agus is cosúil go raibh díomá ar na Iosraeilítigh nach raibh an planda le fáil agus iad ar an bhealach go dtí an Tír Tairngire.

Glasra eile atá iontach furast le fás nó cál. Is brassica atá ann agus tá sé gaolta don chabáiste agus bachlóg Bhruiséile. Cé nach raibh cál iontach coitianta sa tír seo, tá níos mó daoine a úsáid sa chistin anois de bharr go bhfuil sé iontach maith duit, is bia an-folláin atá ann. Tá cál iontach ard sna vitimíní A agus C, cailciam agus snáithín cothaitheach. Is bia beagmhéasthrais atá ann agus níl mórán calaraí ann ach an oiread.

Níl deacaracht ar bith é a fhás agus is mó dhá phlánda a chur chun é a bheith agat cúpla uair sa tseachtain. Planda eile atá iontach folláin, nó spionáiste. Fásann sé go maith in ithir shaibhir, ach déan cinnte nach ligeann tú dó triomú amach. Tá duilleoga mionspionáiste galánta le sailéad nó le béile suaithfhriochta.

Bíonn fadhb mhillteanach le drúchtíní ag gach garraídóir, is feithidí iad a ndéanann a léir damáiste ar phlandaí. Cé go gcuidíonn siad leis an lobhadh den ábhar orgánach, bíonn níos mó dochair déanta acu ná maitheas. Tá dóigheanna airithe nádúrtha le réitithe a fháil daofa, cosúil le creachadóirí nádúrtha a mhealladh isteach sa gharraí — creachadóirí mar froganna agus éanacha, mar is maith leo na drúchtíní a ithe. Má bhíonn tú fá choinne millíní a úsáid, déan cinnte agus millíní orgánacha a úsáid, ní dhéanann said seo dochar ar bith do na creachadóirí a bhíonn ag creachadh ar na drúchtíní.

# Cáca fondant seacláide

**Seo oideas deas furast fá choinne cáca seacláid, ní glacann sé ach uair agus i ndiaidh an Charghais is deas rud beag milis a bheith agat.**

*100g seacláid dorcha 70%, mionghearrtha ina smutáin*
*120g ciúbanna im*
*4 ubh*
*200g siúcra mionaithe*
*60g plúr bán*

Téigh an oigheann go dtí 170˚c.
Spréigh píosa beag ime ar stán bácála atá 20cm. Leáigh an seacláid agus im go mall i sáspan, ag suaitheadh go minic le spadal. Déan na uibheacha agus siúcra a ghrátáil i mbabhla teasdhíonach thar sáspan uisce atá ag suanbhruith.
Lig dó fuarú agus doirt isteach an seacláid sa mheascán agus fill é go séimh le spadal.
Croith isteach an plúr agus arís, fill é go séimh go dtí go bhfuil an meascán deas mín
Doirt an meascán isteach sa stán bácála agus déan é a bhácáil ar feadh 20-25 bomaite.
Lig dó fuarú agus bain sult as le uachtar, uachtar reoite nó anlann seacláide, yum yum!


## Goitse na nÓg



Páistí faoi cúig bliain d'aois ag Tóraíocht uibheacha Cásca in Ionad Naomh Pádraig

## Pusail

Tá 12 caora ag Bríd na mBuatais ach caithfidh sí iad a choinneáil scartha óna chéile. Tá 12 sconsa fada agus 6 sconsa goiride aici. Caidé mar a thig léi iad a réiteach sa dóigh is go bhfuil a spás féin ag achan chaora? (*Freagra ar lch 15*)




## SÚIL SIAR



# Cailíní Mhonarcha Chroithlí

(Cúl:) Maggie Coll, Fanny Chonaill Pheggy, Fanny Neil, Máire Sheáin Phaddy, Mary P. Bhrianaí, (?) Winnie, Theresa Phadaí, Mary Mhaighréad, Bidddy Ned Gallagher, Dobhar; (Lár:) Fanny Doney, Fanny Sonny, Biddy Sheáin Neil, (?) Mary Coll, Rosie Dhonnchaidh Bhig. Sarah Jimmy Bán, Dobhar, Nellie Shéamais oghan, Cnoc an Stolaire; (Tosach:) Nellie McDevitt, Mary Sonny, Annie Bonner, Siúbhan McGarvey, Sarah Jondy, Sarah Eddie, Teresa Skillen



Beidh Bréag ar stáitse an Cabaret Craiceáilte ar an 26 Aibreán.

# Bréag ag "filleadh 'na bhaile" do Chabaret Craiceáilte na míosa seo

Fuair Gaeil an tSaorstáit an chéad bhlaiseadh de cheol mealltach Bhréag go hiontach gasta, ag an chéad Fhéile Chraiceáilte, 'Craic na Samhna '93, féile cheoil 3 lá i Ráth Chairn, Contae na Mí, ag a raibh Bréag, Kíla, Hyperborea, Lónta Fhear Manach, Na ChipenGhaeil, An Scadán Rua, Marcas Ó Murchú agus cuid mhór eile páirteach. Thit an scaifte i ngrá leis an ghrúpa óg fíor-chraiceáilte seo, agus fiú ag an phointe sin, thuig a raibh i láthair gur iad croí na féile.

Chuaigh Bréag ar aghaidh le cliú agus cáil a bhaint amach i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta ach, ar an drochuair, taobh amuigh de lucht leanúna dílis reggae sna sé chontae, agus i dTír na mBascach, níor éirigh leo iomrá mhór a bhaint amach ariamh, taobh amuigh den náisiún Ghaelach.

Mar sin féin, choinnigh siad orthu, agus d'fhorbair fuaim s 'acu fríd na blianta le tionchar cheol Oirthear na hEorpa, Meiriceá Laidineach, meascaithe le fuaimeanna traidisiúnta agus rithimí ceoil Iamáice. Bhí siad le feiceáil agus le cloisteáil ar cuid mhór cláracha teilifíse agus raidió ar RTÉ, an BBC, agus ar RnaG dar ndóigh. Agus chas siad ag Féile an Phobail, achan fhéile Chraiceáilte as Gaoth Dobhair, go Ráth Cairn, go Baile Átha Cliath, go Toraigh, go Conamara agus d'fhan siad dílis i dtólamh don fhírinne sa cheol.

"Cúis bróid dúinn a bheith ar ais i nGaoth Dobhair, agus ag an Chabaret Craiceáilte, mar gheall ar an nasc láidir atá againn leis an ghluaiseacht Chraiceáilte le 21 bliain anuas. Táimid ag filleadh 'na bhaile. Níl áit ar bith níos fearr!" a dúirt Caoimhín faoi scamall deataigh raithnigh, taobh amuigh do theach leanna Uí Cheallaigh i mBéal Feirste an tseachtain seo.

Beidh cuideachta mhaith ag Bréag ag Cabaret Craiceáilte na míosa seo, Dé Sathairn seo 26 Aibreán, mar go mbeidh an sár-amhránaí **Enda Reilly**, a bhfuil albam úr amuigh aige 'Amhráin Nua i nGaeilge 'a fuair léirmheas iontach dearfach sa Ticket san Irish Times cúpla seachtain ó shin, ar an ardán fosta. Is sean chara de chuid an Chabaret é Enda, a chas a chuid amhráin ag Cabaretanna Craiceáilte, i nGaoth Dobhair, Béal Feirste, Gaillimh, Conamara, Electric Picnic, agus Baile Átha Cliath, fríd na blianta.



Enda Reilly

Tá cairde úra ag teacht inár measc, an deireadh seachtaine seo, mar go mbeidh **Mana**, grúpa Ukulele as Béal Feirste ag casadh ar an stáitse beag tigh Hiúdaí, den chéad uair. Tá Gearóid Mac Lochlainn, Jamie Jameson, Holly Ní Ghráda, agus Cáit Ní Mhurchú sa ghrúpa úr spreagúil seo a chanann amhráin i stíl na ngormachaí.

Beidh tús a chur leis an cheol ar a 9 a chlog Dé Sathairn seo, 26 Aibreán, Tigh Hiúdaí, An Bun Beag, i nGaoth Dobhair.



# Cruinniú Phleanáil Teanga in Anagaire

Bhí scaifte mór i láthair níos luaithe an mhí seo ag cruinniú phleanáil teanga i Halla Anagaire. Ba é seo an chéad chruinniú poiblí sa cheantar seo ar an ábhar sin agus bhí sé ag tarlú mar cheann de na coinníollacha a leagadh síos don phróiseas phleanáil teanga.

Beidh cruinnithe mar seo ag tarlú sna ceantracha eile atá ag cur plean teanga le chéile amach anseo.

Cé go bhfeictear Anagaire mar cheantar atá ar imeall na Gaeltachta go minic, bhí sé suntasach go raibh an scaifte mór ann agus go dtáinig daoine as an Mhullach Dubh lena gcuid tuairimí a nochtadh ar cheist na Gaeilge. Glacadh leis ag formhór na ndaoine a bhí ag an chruinniú go raibh gá leis an Ghaeilge a bheith níos feceálaí sa bhaile agus moladh fosta go mbainfeadh achan duine úsáid as a gcuid Gaeilge sna siopaí agus sna gnónna áitiúla.






# Focla Mhicí

**Bíonn Micí Whiting Mac Aoidh ina aoi ar an chlár Rónán Beo@3 ar Raidió na Gaeltachta gach Mháirt. Tá *Goitse* buíoch do Mhicí, do Rónán agus d'fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.**

**Seangánach:** scoilt na seangán – áit a bheadh lán seangáin

**Duál:** dá mbeadh siad ag cuartú duine a bhí caillte ar an fharraige, 'bhain siad dual dó, ní raibh maith daofa a bheith á chuartú níos mó.
Nach bhfuil – dual do rópa ann fosta? *strand of rope* … cé mhéid dual a bhíonn in rópa?

**Scríobóg/scríobógaí:** go ngreamódh na prátaí do thóin an phota … donn ar thóin an phota … bheadh siad ag scríobadh thóin an phota … scríobógaí.

**Araiciseach:** duine a bheadh araiciseach– duine a bheadh ag scamhlair i gcónaí … ag tabhairt amach duit … duine araiciseach, bíonn sé i gcónaí ag scamhlair….

**Marsach:** an duine – níl ann ach marsach do dhuine, níl dúshraith ar bith ar a chuid cainte; marsantacht chainte – níl siosmaid ar bith lena chuid cainte … níl ann ach marsach de dhuine.

**Bliotachán:** duine atá bliotach ag caint … duine a bheadh doiligh a thuigbheáil mar nach raibh an chaint ag teacht leis mar is ceart. Tá sé iontach bliotach … stad ina chaint … caint stadach.

**Tuthóg:** níl inti ach tuthóg do dhuine – beag agus ramhar agus fálsa … ní raibh dúil aicí a bheith ag obair.

**Bruth:** teasmhach a bhí san fhuil. An fhuil iontach te. Bheadh tochas sa chraiceann. Agus bheadh an duine iontach tuirseach. Bruth a bheirfeá ar an tinneas féin. Bheadh prugaidí acu fá choinne an fhuil a ghlanadh amach. Sú an dúlamáin a d'úsáidfeadh siad.

**Goitse na nÓg:** Réiteach ar Phusail lch 13






**Ceiltigh Óga Ghaoth Dobhair:** Ghlac imreoirí ó Acadamh Óige Cheiltigh Ghaoth Dobhair páirt i gcomórtas Blitz ar na mallaibh. Cúig fhoireann ar fad a bhí san iomaíocht: Ceiltigh Ghaoth Dobhair, Gleann Átha, Gaoth Dobhair Aontaithe, Keadue Rovers agus Gleann Rí Aontaithe. Bhain foireann láidir agus sciliúil Ghleann Átha Aontaithe an bhlitz. Sa ghrianghraf thuas tá imreoirí óga na gCeilteach: Adam Mac Iomhair, James Ó Baoill, Cian Ó Rabhartaigh, Darragh Mac Aoidh, Seosamh Ó Dubhchóin, Aodhán Mac Gabhann, Oisín, Cathal Ó Duibhir, David Prebianca agus Cathal de Búrca.

# Comórtas Peile Ghaeltacht Thír Chonaill

le **Damien Ó Dónaill**

Is ar na Méilte i Mullach Dearg a bheas cluichí ceannais agus leath cheannais Thír Chonaill i mbliana. Tá obair mhór á dhéanamh ag fo-chumann peile Naomh Muire le dornán blianta anuas agus iad ag cur go mór leis na háiseanna atá acu. Deis iontach atá sa chomórtas seo na háiseanna breátha atá acu a chur ar fáil don phobal agus do mhuintir na Gaeltachta.

Cuirfear tús leis an chomórtas ar an Satharn 3ú Bealtaine agus idir sin agus tráthnóna Dé Luain 5ú, imreofar ar a laghad dosaen cluichí ar an pháirc. Tá siad ag dréim le scaifte ollmhór a bheith i láthair ag na cluichí agus is cinnte go mbeidh cúpla cluiche crua ann, go háirithe ar an Domhnach.

**Naomh Muire V Cill Chartha**

Beidh Naomh Muire ag imirt in éadan Chill Chartha agus is cinnte go mbeidh an fhoireann baile ag iarraidh a bheith ag imirt sa chluiche ceannais ar an Luan. Ní fios go fóill an mbeidh imreoirí an chontae ag imirt do Chill Chartha mar gheall go mbeidh siad ag ullmhú don cluiche mór sa chraobh ag deireadh mhí Bealtaine.

Níl tús maith déanta ag Naomh Muire sa tsraith ach níl sé ach luath sa tséasúr go fóill. Beidh Naomh Muire ag imirt i gcraobh Shinsir an Chontae i mbliana agus má éiríonn leo foireann cosúil le Cill Chartha a bhualadh, bhéarfaidh sé tréan misnigh daofa. Tá Cill Chartha ag dul ó neart go neart le cúpla bliain anuas agus le Ruairí Ó Gallachóir i mbun traenála leo i mbliana, ní bheidh siad furast a bhuaileadh. Ba mhaith liom an fhoireann baile a fheiceáil ag imirt sa chluiche ceannais ar an Luan ach sílim go mbeidh Cill Chartha ró-láidir sa chluiche seo.

**Gleann tSúilí V Ard an Ratha/ Naomh Conaill**

Sular cuireadh seo i gcló ní raibh an cluiche idir Ard an Ratha agus Naomh Conall imeartha ach tá a fhios againn go mbeidh Gleann tSúilí sa chluiche leath cheannais. Fuair Gleann tSúilí an lámh in uachtar ar Ghaoth Dobhair níos luaithe sa bhliain, buaiteoirí Chomórtas peile na Gaeltachta na bliana anuraidh. Bhí cuid mhór imreoirí caillte ar Ghaoth Dobhair nuair a buaileadh iad, ach bhí go leor imreoirí caillte ar Ghleann tSúilí chomh maith.

*An Satharn 3 Bealtaine*
**Cluiche ceannais faoi 15**
**Cluiche Ceannais idirmheánach na mban**

*An Domhnach 4 Bealtaine*
**Cluiche ceannais sinsir na mban**
An Tearmann v Gleann Fhinne
**Cluichí leath-cheannais Sóisear na bhfear**
Naomh Muire v Na Rosa/Gleann Súilí
Ard an Rátha/Gaoth Dobhair v Gleann Fhinne/Naomh Columba
**Cluichí leath-cheannais Sinsear na bhfear**
Naomh Muire v Cill Chartha
Gleann tSúilí V Ard an Ratha/ Naomh Conaill

*An Luan 5 Bealtaine*
**Cluiche Ceannais Sóisear na mban**
**Cluiche Ceannais Sóisear na bhfear**
**Cluiche Ceannais Sinsear na bhfear**

Bíonn Gleann tSúilí ag brath go mór ar Mhícheál Ó Murchú, Niall Ó Gallchóir agus Gary Mac Pháidín agus gan iad, bíonn siad ag streachailt. Níl buaite acu ach cluiche amháin sa tsraith go dtí seo i mbliana agus thug Naomh Adhamhnáin greadadh daofa sa tsraith ag an deireadh seachtaine ansin leis an scór 3-13 v 1-7. Beidh cluiche maith anseo, is cuma cé acu Naomh Conaill nó Ard an Ratha a bheas ag imirt ina gcoinne. Ní bheidh ceachtar de na foirne seo ag iarraidh cailleadh agus deis iontach atá sa chomórtas seo úsáid a bhaint as na himreoirí ar fad. Tá mé den bharúil go mbeidh Ard an Ratha nó Naomh Conaill ag imirt in éadan Chill Chartha i gCluiche Ceannais an Chomórtais ar an Luan. Ach tá achan rud ag brath go mór ar na himreoirí contae. Má tá siad ag imirt, beidh athrú scéil ann.

Labhair mé le Cormac Mac Garbhheith cathaoirleach an Fho-Chumainn agus dúirt sé go bhfuil siad ag dréim le deireadh seachtaine ar dóigh. “Tá obair mhór déanta ag cuid mhór daoine leis an obair uilig a thabhairt chun críocha agus leis an áit a bheith réidh don deireadh seachtaine seo. Beidh neart rudaí curtha ar fáil do shean agus óg agus tá fáilte roimhe achan duine. Beidh ceol, craic agus cuideachta ann agus neart peile ar pháirc na himeartha chomh maith”

Rachaidh na buaiteoirí fríd chuig Cluichí Ceannais na hÉireann a bheas ar siúl i Maigh Cuileann na Gaillimhe idir an 30ú Bealtaine - 2ú Meitheamh. Tá foireann sinsear Ghaoth Dobhair agus foireann sóisear Gaeil Fhánada cáilithe mar gheall gur bhain siad na cluichí Ceannais anuraidh sa Rinn i bPort Láirge. Ádh mór ar na foirne uilig a bheas ag imirt ar na Méilte i mbliana. Le tuilleadh eolas a fháil faoi amanna agus srl, gabh chuig ‘Naomh Muire Comórtas Peile na Gaeltachta 2014’ ar Facebook nó ar Twitter @PeilnaG2014.